2025/1067

2.6.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1067 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Bealtaine 2025

lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ('an bun-Rialachán') ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) Fuair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') gearán de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/1036 ('an bun-Rialachán'), ina líomhnaítear go bhfuil allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, á ndumpáil agus go bhfuil díobháil á déanamh do thionscal an Aontais dá bharr.

(2) Ba é an Comhlachas Eorpach um Fheadáin Cruach ('ESTA') ('an gearánach') a chuir an gearán isteach an 2 Aibreán 2024. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal píobán agus feadán gan uaim áirithe an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

(3) Thionscain an Coimisiún imscrúdú faoi Airteagal 5 den bhun-Rialachán an 17 Bealtaine 2024 ([2]).

2. AISTARRAINGT AN GHEARÁIN

(4) I litir dar dáta an 27 Feabhra 2025, tharraing an gearánach siar a ghearán.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 9(1) den bhun-Rialachán, féadfar na himeachtaí a fhoirceannadh, ach amháin mura mbeadh foirceannadh den sórt sin chun leas an Aontais. Níor tháinig aon chúinse chun cinn le linn an imscrúdúcháin a léirigh nach mbeadh an foirceannadh chun leas an Aontais.

3. CONCLÚID AGUS NOCHTADH

(6) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart na himeachtaí a fhoirceannadh.

(7) Cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas dá réir sin agus tugadh deis dóibh a mbarúlacha a chur in iúl.

(8) Ní bhfuarthas aon bharúil.

(9) Tá an Cinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán,

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21,ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnamh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí píobáin agus feadáin gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. (IO C, C/2024/3225, 17.5.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/C/2024/3225/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, foirceanntar an t-imscrúdú frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach, lena n-áirítear feadáin chruinnis, ar trasghearradh ciorclach, nach mó ná 406,4 mm a dtrastomhas seachtrach agus nach mó ná 0,86 a Luach Coibhéiseach Carbóin (CEV) de réir fhoirmle agus anailís cheimiceach na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Tháthú (IIW), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7304 19 10, ex 7304 19 30, ex 7304 23 00, ex 7304 29 10, ex 7304 29 30, ex 7304 31 20, ex 7304 31 80, ex 7304 39 50, ex 7304 39 82, ex 7304 39 83, ex 7304 51 89, ex 7304 59 82 agus ex 7304 59 83 (cóid TARIC: 7304 19 10 20, 7304 19 30 20, 7304 23 00 20, 7304 29 10 20, 7304 29 30 20, 7304 31 20 30, 7304 31 80 30, 7304 39 50 30, 7304 39 82 30, 7304 39 83 20, 7304 51 89 30, 7304 59 82 30 agus 7304 59 83 20).

Airteagal 2

Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2720 ([3]) ón gCoimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2720 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe (IO L, 2024/2720, 25.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2720/oj).